



**etbi**

Education and Training  
Boards Ireland  
*Boird Oideachais agus  
Oiliúna Éireann*

# Aighneacht chuig An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le Dréachtsonraíocht Ghaeilge na hArdteistiméireachta (T2)

Ullmhaithe ag Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann

**Samhain 2021**

## **Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ)**

### **Aighneacht chuig An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le Dréachtsonraíocht Ghaeilge na hArdteistiméireachta (T2)**

#### **Réamhrá**

Tá Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) mar chomhlacht ionadaíoch náisiúnta ar na sé Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO) déag sa tír. Bunaíodh na Boird Oideachais agus Oiliúna in 2013 chun oideachas agus oiliúint a chur ar fáil do phobal na hÉireann fud fad na tíre. Faoi láthair, tá 246 scoil ag an iar-bhunleibhéal faoi chúram na mBord Oideachais agus Oiliúna, 48 díobh siúd a sholáthraíonn oideachas trí mheán na Gaeilge. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an líon iar-bhunscoileanna is mó in earnáil na mBord Oideachais & Oiliúna. Is ag leibhéal náisiúnta a thacaíonn Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann leis na Boird Oideachais agus Oiliúna agus na scoileanna atá faoina gcúram.

Tá BOOÉ tiomanta don Ghaeilge agus déantar gach iarracht freastal ar na scoileanna chun ardchaighdeán oideachais a chur ar fáil do scoláirí. Tá dul chun cinn ollmhór déanta ag BOOÉ le cúpla bliain anuas chun tacú lenár scoileanna an Ghaeilge a chur chun cinn sna scoileanna go léir, idir scoileanna lán-Bhéarla agus scoileanna lán-Ghaeilge. Idir chomhdhálacha spreagúla a eagrú, pobail chleachtais a fhorbairt, acmhainní úsáideacha a dhearadh agus a bheith mar ghuth do na scoileanna ag leibhéal náisiúnta, tá BOOÉ an-bhródúil as an tacaíocht a chuirtear ar fáil do scoileanna, do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile.

Cuireann BOOÉ agus scoileanna na mBord Oideachais agus Oiliúna fáilte mhór roimh an bpróiseas comhairliúcháin seo. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí aitheantas do thuairimí agus dearcthaí na scoileanna seo maidir leis an ábhar fíorthábhachtach seo. Mar chúlra, tugadh deis do na scoileanna tabhairt faoi shuirbhé de chuid BOOÉ agus mar sin, tá an aighneacht seo bunaithe ar ghuth na scoileanna in earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna. Gabhann BOOÉ buíochas le CNCM as an obair atá déanta acu go dtí seo ar an ábhar seo. Cé go bhfuil pointí dearfacha le haithint, caithfear a rá go bhfuil buairt agus imní ar thromlach na scoileanna agus na múinteoirí i dtaobh a bhfuil molta sa dréachtsonraíocht T2. Iarrann BOOÉ ar CNCM iniúchadh a dhéanamh ar an méid atá luaite thíos agus éisteacht lena bhfuil le rá ag scoileanna na mBord Oideachais agus Oiliúna.

## **An dearcadh atá ag scoileanna ar Shonraíocht T2 ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí go dtí seo**

Cé go ndíríonn an aighneacht seo ar Dhréachtsonraíocht na hArdteistiméireachta, tá sé tábhachtach foghlaim ón méid atá ag tarlú faoi láthair ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Tá neart ceachtanna le foghlaim agus níor mhaith le scoileanna go ndéanfaí na 'botúin' chéanna arís amach anseo.

Ar an iomlán, tá tuairimí dearfacha ann maidir le sonraíocht na Sraithe Sóisearaí agus eispéireas sách dearfach ag scoláirí go dtí seo ach, toisc nach raibh deis acu go fóill tabhairt faoi na scrúduithe scríofa, is deacair a rá go sonrach cén éifeacht atá aici ar fhoghlaim na scoláirí i leith na Gaeilge. Is fiú go mór súil a chaitheamh ar na pointí thíos, atá luaite go minic ag múinteoirí agus ag scoláirí na mBord Oideachais agus Oiliúna:

- Is cailteanas ollmhór é nach gcuirtear béim ar an nGaeilge labhartha sa mheasúnú ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Chuirfeadh sé go mór le heispéireas foghlama an scoláire béim a chur ar labhairt na teanga seachas ar an iliomad litríochta.
- Tá múinteoirí agus scoláirí sásta go bhfuil rogha fhairsing ann le téacsanna ilmhódacha, nua-aoiseacha a spreagann suim na scoláirí.
- Tá sé dúshlánach ar mhúinteoirí na torthaí foghlama go léir a bhaint amach go héifeachtach toisc go bhfuil an méid sin acu ann. An gciallaíonn sé mar sin go bhfuil scoláirí ag cailliúint amach toisc go bhfuil an tsonraíocht ró-leathan?
- Ag an ngnáthleibhéal, caitheann scoláirí an-chuid ama ar chúrsaí litríochta ach ní fhaigheann siad deis a bhfuil foghlama acu a léiriú sa mheasúnú .i.e. an páipéar scrúdaithe.

## **Buanna i nDréachtsonraíocht na hArdteistiméireachta**

I measc na mbuanna, cuirtear fáilte roimh na sonraí seo a leanas:

- Tá sé an-dearfach go mbeidh leanúnachas ón tSraith Shóisearach agus go mbeidh béim ar leithéidí labhairt na teanga, feasacht chultúrtha agus an phunann teanga.
- Tá sé iontach go bhfuil an scrúdú béil luaite mar ghné den mheasúnú.
- Cuirtear fáilte roimh an nuálaíocht agus tréithe na Sraithe Sóisearaí a chuireann béim ar fhéinfheasacht an fhoghlaimeora agus litríocht nua-aoiseach.
- Is maith an rud é go mbeidh rogha fhairsing ann ó thaobh litríochta di, rud a fhreastalaíonn ar scoláirí ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.
- Tá sé dearfach go gcuirfeadh béim ar scileanna a fhorbairt, mar shampla, cur i láthair a ullmhú agus a dhéanamh, anailís a dhéanamh, scileanna cruthaitheacha agus mar sin de.

## **Lochtanna/Doiléireacht i nDréachtsonraíocht na hArdteistiméireachta**

I measc na lochtanna a ardaíodh ag na scoileanna, bhí na pointí seo a leanas ann:

- Luaitear an chumarsáid mar phríomhaidhm na sonraíochta. Sa mhéid sin, bheifeá ag súil le béim níos mó ar an nGaeilge labhartha agus marcanna don scrúdú béil a ardú seachas iad a laghdú. Beatha teanga í a labhairt!
- Is cúis inní é nach bhfuil an phunann teanga í féin mar chuid lárnach den mheasúnú cé go mbeidh deis ag scoláirí í a lua sa scrúdú béil. Ar ndóigh, rachaidh an-ullmhúchán isteach sa phunann agus mar sin, ba chóir aitheantas a thabhairt do scoláirí as a n-iarrachtaí.
- Níl sé sásúil nach bhfuil an liosta litríochta ar fáil go fóill agus go bhfuil gnéithe sonracha easnamhach maidir le cúrsaí measúnaithe, mar shampla.
- Tá Bonnleibhéal fós ina chnámh spairne ag scoileanna. Cuireann sé as go mór do roinnt múinteoirí agus scoláirí nach bhfuil a leithéid ann ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus cruthóidh sé tuilleadh struis ag leibhéal na hArdteistiméireachta. Ba chóir scoláirí a mhealladh i dtreo na Gaeilge ag a leibhéal cumais féin seachas laghmhisneach a chur orthu. Iarrtar ar CNCM féachaint go géar ar an bpointe seo.
- Tá inní maidir leis an bpointe nach ndearnadh athbhreithniú iomlán ar an tionchar a bhaineann le T1 / T2 ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí go fóill. Mar gheall ar COVID-19, ní raibh deis ag an gcéad chohórt de scoláirí tabhairt faoi scrúduithe Gaeilge na Sraithe Sóisearaí den chéad uair. Cé gur roghnaigh dream áirithe tabhairt faoin bpáipéar ag tréimhse níos déanaí sa bhliain, níor fhoilsigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) páipéir scrúdaithe ná níor scaoil siad aon fhaisnéis maidir le feidhmíocht. Moltar go láidir go ndéanfaí athbhreithniú iomlán ar Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí chun bonn eolais a chur faoi athruithe ar an tSraith Shinsearach.

## **Doiléireacht sa Dréachtsonraíocht T2**

Tá roinnt ceisteanna ag scoileanna maidir le Dréachtsonraíocht T2 agus soiléireacht ag teastáil ó CNCM. Iarrtar ar CNCM iniúchadh a dhéanamh ar na ceisteanna thíos ach go háirithe:

- Ról na punainne - an mbeidh sí mar chuid den mheasúnú toisc gur gné larnach den tsonraíocht atá i gceist?
- Liosta litríochta in easnamh agus ag teastáil?
- Leagan amach na bpáipéar scrúdaithe?
- Leagan amach an scrúdú béil?
- An fáth go laghdófar na marcanna a bhaineann leis an scrúdú béil nuair atá béim ar an teanga labhartha, de dhíth?

- Gnéithe maidir le measúnú go ginearálta – cé a bheidh freagrach as na gnéithe áirithe a mheas?
- Roinnt de na torthaí foghlama doiléir agus míniú de dhíth?

## **Impleachtaí do Scoláirí agus don Ghaeilge maidir le Dréachtsonraíocht na hArdteistiméireachta**

- Taitníonn labhairt na teanga agus an scrúdú béil le formhor na scoláirí. Mar sin, iarrann BOOÉ ar CNCM go mbeidh an ghné seo mar chuid lárnach den tsonraíocht ar mhaithe le scoláirí.  
Anuas air sin, i gceantair nach bhfuil láidir ó thaobh na Gaeilge di, caithfear díriú ar dhea-eispéaras a chruthú do scoláirí. Le barraíocht litríochta agus laghdú ar na marcanna don scrúdú béil, caillfear an deis chun an dea-eispéaras sin a chruthú dóibh. Is í an Ghaeilge bheo a spreagfaidh scoláirí agus tá gá sa tsonraíocht seo na deiseanna sin a chur ar fáil do scoláirí, go háirithe dóibh siúd nach mbuaileann leis an nGaeilge ach amháin ar scoil.
- Fáiltíonn scoileanna roimh an leanúnachas ón tSraith Shóisearach go dtí an Ardteistiméireacht toisc go mbeidh scoláirí i dtaithí ar an gcóras sin. É sin ráite, tá ceachtanna fós le foghlaim ó shonraíocht na Sraithe Sóisearaí agus ceisteanna fós le freagairt. Tíocfaidh an t-eolas seo ó athbhreithniú iomlán ar Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí.
- Teastaíonn ó scoláirí inniúlacht a fhorbairt sa teanga agus mar sin, is gá iniúchadh a dhéanamh ar na léibhéil éagsúla atá ar fáil do scoláirí. Tá ráite go bhfuil bearna rómhór idir gnáthleibhéal agus ardleibhéal agus go bhfuil spás fós ann don bhonnleibhéal, go háirithe dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Tá deacracht fós ag scoileanna a bhfuil i gceist le dhá shonraíocht éagsúil, T1 & T2, a thuiscint. Nach dtéann sé sin go hiomlán i gcoinne phrionsabail na hArdteistiméireachta .i.e. ionchuimsiú, rogha agus solúbthacht. Tá soiléireacht ag teastáil ar na buntáistí a bhaineann le sonraíocht T1 agus T2 agus na himpleachtaí do scoláirí agus don Ghaeilge. Cinnte, is féidir le scoil lán-Ghaeilge tabhairt faoi shonraíocht T1, ach conas a oibreodh sé sin i ndáiríre agus scoileanna faoi bhrú cheana féin le leithdháileadh múinteoirí? Ceisteanna fós le freagairt ar an ábhar seo.

## **Leasuithe de dhíth agus moltaí don athbhreithniú**

- Tá gá le hathbhreithniú iomlán ar shonraíocht na Sraithe Sóisearaí chun ceachtanna a fhoghlaim agus chun dearadh éifeachtach ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta a stiúradh amach anseo.
- Tá sé riachtanach go mbeidh béim ar an nGaeilge labhartha (agus í soiléir sa mheasúnú)
- Is gá go mbeidh litríocht shuimiúil mar ghné lárnach den chúrsa, má tá a leithéid le bheith ann.

- Tá oiliúint chuimsitheach do mhúinteoirí ag teastáil go géar sula dtugann scoláirí faoin tsonraíocht nua.
- Tá soiléireacht ag teastáil maidir le gnéithe áirithe atá luaite sa dréachtsonraíocht – cur chuige na punainne, cur síos ar an scrúdú béil, leagan amach an scrúdpháipéir, cé mhéad acu atá le bheith ann, míniú ar na léibhéil éagsúla, líon na gceisteanna agus araile.
- Tá sé tábhachtach go mbeidh cothromaíocht ann idir scoileanna –
  - An bhfuil gá le sonraíocht T1 & T2? Más ea, an gciallaíonn sé mar sin gur cheart Béarla T1 a thabhairt isteach do scoileanna lán-Bhéarla agus Béarla T2 a thabhairt isteach do na scoileanna lán-Ghaeilge?
  - An bhfuil sé cóir iarraidh ar scoláirí lasmuigh den Ghaeltacht tabhairt faoi shonraíocht T1 agus iad ag teacht ó chúlra lán-Bhéarla/ó chúlra iasachta?
  - An bhfuil sé cothrom nach mbeadh aitheantas tugtha do scoláirí a thugann faoi shonraíocht T1 agus obair sa bhreis de dhíth?
- An bhfuil sé in am féachaint ar dhá ábhar don Ghaeilge – ceann amháin a dhíríonn ar chúrsaí teanga agus ceann eile a dhíríonn ar chúrsaí litríochta agus cultúir?
- Tá neart le foghlaim ó leithéid TEG faoi Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha, le cinntiú go ndéanfaidh gach foghlaimeoir dul chun cinn ón staid ina dtosnódh sé agus go mbeadh deiseanna leanúnacha fadsaoil roimhe le tógaint ar a mbainfeadh sé amach ag leibhéal na hArdteistimeireachta. (Tá cuid mhaith den chur chuige seo le sonrú sa tsonraíocht ach níl an rogha leibhéal fairsing go leor.)

## **Mar fhocal scoir**

Tá gá, ar ndóigh, leis an bpróiseas comhairliúcháin seo maidir le Gaeilge na hArdteistimeireachta. Mar atá ráite cheana, cuireann Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann fáilte roimh an bpróiseas. Tá sé soiléir ó na pointí thuasluaite go bhfuil meas agus grá don teanga i measc scoileanna na mBord Oideachais agus Oiliúna agus is é an rud is mó a theastaíonn uathu ná go ndéanfar gach iarracht le Sonraíocht na hArdteistimeireachta scoláirí a spreagadh, grá don teanga a chothú agus scoláirí a mhealladh i dtreo úsáid na Gaeilge go fadtéarmach amach anseo. Cé go bhfuil inní agus buairt ann, tá sásamh ann chomh maith go bhfuil deis ann anois a bheith páirteach in athdhearadh Ghaeilge na hArdteistimeireachta chun sonraíocht nuálaíoch, chruthaitheach, spreagúil a chur faoi bhráid ár scoláirí amach anseo.



**etbi**

Education and Training  
Boards Ireland  
*Boird Oideachais agus  
Oiliúna Éireann*

**Ullmhaithe ag  
Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann  
Samhain 2021**